Oifig an Rialaitheora Pleanála
Office of the Planning Regulator

# Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí

# Oifigeach Cléireachais in Oifig an Rialaitheora Pleanála

## Maidir le hOifig an Rialaitheora Pleanála

Comhlacht maoirseachta neamhspleách is ea Oifig an Rialaitheora Pleanála (OPR) a bhunaigh an Rialtas chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú agus comhsheasmhacht beartais phróiseas pleanála na hÉireann chun torthaí ardchaighdeáin a dhearbhú i dtaca le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe.

## Feidhmeanna OPR

Leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2018 bunaíodh an bonn dlíthiúil le OPR agus leagadh amach a ról agus a fheidhmeanna, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- measúnú ar phleananna forbartha cathrach/contae agus pleananna ceantair áitiúil na n-údarás áitiúil agus straitéisí réigiúnacha agus eacnamaíochta na dtionól réigiúnach lena chinntiú go bhfuil siad ag teacht le beartais ábhartha réigiúnacha nó náisiúnta;
- athbhreithnithe ar na córais agus na nósanna imeachta a úsáideanna údarás pleanála ar bith, an Bord Pleanála san áireamh, i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna pleanála; agus
- cláir taighde, oiliúna agus oideachais a thacaíonn le forbairt fhorásach phróiseas pleanála na hÉireann.

## Freagrachtaí

Post riaracháin is ea post an Oifigigh Chléireachais a thacóidh le réimsí tábhachtacha d'obair OPR. Beidh an t-iarrthóir rathúil ag tuairisciú don Oifigeach Feidhmiúcháin. Áireofar le cuid de phríomhdhualgais an Oifigigh Chléireachais:

- An cumas le freagairt ar bhealach éifeachtach agus tráthúil ar chomhfhreagras éagsúil a fhaightear;
- Fócas ar chustaiméirí agus caidreamh éifeachtach le páirtithe leasmhara seachtracha;
- Tacaíocht ardchaighdeáin riaracháin a sholáthar;
- Taifid ardchaighdeáin a choimeád ar bhealach críochnúil agus eagraithe;
- Ag tabhairt faoi obair ar bhealach modhúil, ag léiriú cruinnis i gcónaí, lena n-áirítear nuair a bheidh gnáth-thascanna/tascanna atriallacha á dhéanamh;
- Teicneolaíocht Faisnéise a úsáid e.g. Microsoft Office, bunachair sonraí inmheánacha, r-phost agus idirlíon;
- Tabhairt faoi chibé tascanna agus dualgais a shannfar atá in oiriúint don ghrád.

## Cé atá á lorg againn

Beidh scileanna den scoth ag an iarrthóir rathúil i dtaca le haird ar mhionsonraí agus scileanna eagrúcháin. Beidh an t-iarrthóir idéalach nuálaíoch agus dinimiciúil, ag léiriú an chumais le dul in oiriúint do riachtanais nó cúinsí atá ag athrú go tapa.

## Scileanna

- Féinspreagtha, fuinniúil agus ábalta tuairimí a thabhairt i dtaca le feabhsúchán leanúnach;
- Eagraithe, modhúil agus scileanna láidre bainistíochta ama acu;
- Aclaí agus ábalta oiriúint do thimpeallachtaí atá ag athrú; agus
- Dearcadh dearfach acu i dtaca le tascanna nua nó réimsí freagrachta nua.

## Critéir riachtanacha

Ní mór d'iarrthóirí, **ag 5pm ar an 17 Eanáir 2022**, nó roimhe sin, na nithe seo a léiriú:

- Taithí ar obair ar sheirbhís do chustaiméirí nó ar eolas a sholáthar don phobal;
- Aird ar mhionsonraí agus an cumas obair a dhéanamh do spriocamanna;
- Cur chuige onnghníomhach agus tionscnaíocht i dtascanna a dhéanamh;
- Scileanna cumarsáide scríofa den scoth agus an cumas le cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach le daoine ag gach leibhéil ó bhéal agus trí chumarsáid scríofa;
- An cumas le cur le feabhsúcháin leanúnacha ar chleachtais oibre laistigh den bhfoireann;
- Inniúlacht in úsáid Microsoft Office;
- Bheith toilteanach foghlaim agus scileanna, eolas agus saintaithí a fhorbairt;
- An cumas le hoibriú go maith mar bhall d'fhoireann chomh maith le hobair ar a dtionscnaíocht féin;
- Tuiscint shoiléir ar ról Oifig an Rialaitheora Pleanála.

## Cáilíochtaí inmhianaithe

- Taithí i réimse na pleanála / rialtas áitiúil;
- An cumas le hidirghníomhú as Gaeilge.

## Suíomh an phoist

Beidh an post lonnaithe in oifigí OPR i dTeach na Páirce, Baile Átha Cliath 7.

## Príomhchoinníollacha Seirbhíse

Ceapachán chuig post buan sa Státseirbhís is ea an ceapachán agus tá sé faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 go 2005, an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus aon Acht eile atá i bhfeidhm de thuras na huaire agus a bhaineann leis an Státseirbhís.

## Tionacht agus Promhadh

Is ceapachán é an ceapachán do phost buan ar conradh promhaidh sa Státseirbhís.

Beidh an conradh promhaidh ann do thréimhse bliana ón dáta a shonrófar sa chonradh. Beag beann ar an alt seo agus an alt a leanann díreach thíos uaidh seo, ní chuirfidh sé seo cosc ar shíneadh leis an gconradh promhaidh i gcúinsí cuí.

Le linn tréimhse do chonartha promhaidh, beidh d'fheidhmíocht faoi réir ag athbhreithniú ag do mhaoirseoir(ís) lena chinneadh cé acu:

(i) Ar fheidhmigh tú ar bhealach sásúil,
(ii) An raibh tú sásúil in iompar ginearálta, agus
(iii) An bhfuil tú oiriúnach ó thaobh na sláinte de le haird ar leith ar saoire bhreoitachta.

Sula gcuirfear an conradh promhaidh i gcrích déanfar cinneadh cé acu a gcoinneofar thú nó nach gcoinneofar faoi réir *Alt 5A(2) Achtanna um Rialáil Státseirbhíse 1956 – 2005*. Bunófar an cinneadh seo ar d'fheidhmíocht a mheasfar i gcoinne na gcritéar a leagtar amach in (i) go (iii) thuas. Míneoidh Oifig an Rialaitheoira Pleanála sonraí an phróisis phromhaidh duit agus tabharfar cóip duit de threoracha na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le promhadh.

Beag beann ar na hailt roimhe seo sa roinn seo, féadfaidh taobh ar bith an conradh promhaidh a fhoirceannadh ag am ar bith roimh dhul in éag an chonartha i gcomhréir leis na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005.

I gcúinsí áirithe féadfar do chonradh a shíneadh agus do thréimhse promhaidh a chur ar fionraí. Ní mór an síneadh a bheith aontaithe ag an dá pháirtí.

- Cuirtear an tréimhse promhaidh ar fionraí nuair a bhíonn fostaí as láthair de bharr Saoire Máithreachais nó Saoire Uchtála
- Maidir le fostaí atá as láthair ar Saoire Tuismitheora nó Saoire Cúramóra, féadfaidh an fostaí a iarraidh go gcuirfear an promhadh ar fionraí más rud é nach measfar go bhfuil an neamhláitheacht ah teacht le leanúint an phromhaidh
- Féadfar promhadh a chur ar fionraí i gcásanna amhail neamhláithreacht mar throadh ar thinneas neamh-athfhillteach

Féadfaidh an fostaí, sna cúinsí seo, iarratas a dhéanamh leis an bhfostóir ar shíneadh leis tréimhse an chonartha.

Déanfaidh an ceapaí tréimhse promhaidh bliana amháin a chur isteach. Más rud é go raibh ceapaí a dteipeann orthu coinníollacha an phromhaidh a shásamh ina státseirbhíseach ag freastal díreach sular ceapadh ón gcomórtas seo iad, tiocfaidh ceist an fhillte chun cinn, de ghnáth. I gcás an fhillte, fillfidh oifigeach ar fholúntas sa ghrád a bhí acu sa Roinn ina raibh siad.

## Uaireanta Tinrimh

Beidh na huaireanta freastail socraithe ó am go ham ach ní bheidh siad níos lú ar an meán ná 43 uair an chloig agus 15 nóiméad comhlán in aghaidh na seachtaine. Beidh ar an iarrthóir rathúil cibé uaireanta breise a oibriú a bheidh réasúnta agus riachtanach d'fheidhmiú ceart a ndualgais a leagtar síos na rialacháín madir le ham oibre. Clúdaíonn an ráta pá cibé dliteanas um thinreamh breise a d'fhéadfadh a bheith ann ó am go ham.

## Scála Tuarastail

Is é seo a leanas an scála tuarastail don phost (rátaí i bhfeidhm ón 1 Deireadh Fómhair 2021).

**Oifigeach Cléireachais (PPC)**

€25,087 (480.79) – €26,695 (511.61) – €27,104 (519.44) – €27,901 (534.72) – €29,077 (557.26) – €30,251 (579.76) – €31,426 (602.26) – €32,280 (618.64) – €33,248 (637.19) – €34,373 (658.75) – €35,166 (673.94) – €36,279 (695.27) – €37,386 (716.49) – €39,113 (749.58) – LSI 1 €40,470 (775.60) – LSI 2 €41,092 (787.52)

Tá feidhm leis an ráta pá PPC nuair is gá leis an duine Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (nó ranníocaíocht phríomhscéime mar a thugtar air freisin) a íoc i gcomhréir le rialacha a bhaineann lena bpríomhscéime/scéim phearsanta aoisliúntais. Tá difear idir seo agus ranníocaíocht i dtaca le ballraíocht i scéim Céilí agus Leanaí, nó na Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Bhreise (ASC).
Beidh ráta difriúil i bhfeidhm sa chás nach bhfuil ar an gceapaí Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

Féadfar incrimintí fadseirbhíse a bheith iníoctha i ndiaidh 3 (LSI1) agus 6 (LSI2) bliana de sheirbhís shásúil ar uasmhéid an scála.

## Nóta Tábhachtach

Beidh an iontráil ag bunphointe an scála agus ní bheidh an ráta pá faoi réir idirbeartaíochta agus féadfar é a leasú ó am go ham i gcomhréir le beartas pá an Rialtais.

Féadfar téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i bhfeidhm más statseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí tú atá ag freastal faoi láthair.

Faoi réir ag feidhmíocht shásúil, féadfar incrimintí a íoc ag teacht le beartas reatha an Rialtais.

Aontóidh tú go n-aisíocfaidh tú aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntas nó caiteachais de réir Chiorclán 07/2018: Aisghabháil Ró-Íocaíochtaí Tuarastail, Liúntas, agus Caiteachais a rinneadh le Baill Foirne/IarBhaill Foirne/Pinsinéirí.

## Saoire Bhliantúil

Chomh maith leis na gnáthlaethanta saoire poiblí, is í an tsaoire bhliantúil don phost seo 22 lá ag ardú go 23 i ndiaidh 5 bliana seirbhíse, 24 lá i ndiaidh 10 mbliana seirbhíse, 25 lá i ndiaidh 12 bhliain seirbhíse agus 26 i ndiaidh 14 bliana seirbhíse.

## Saoire Bhreoiteachta

Maidir le pá i rith neamhláithreacht deimhnithe de bharr breoiteachta, ar an gcoinníoll nach bhfuil aon fhianaise ann de mhíchumas buan i gcomhair seirbhíse, beidh an pá sin i bhfeidhm ar bhunús pro-rata, de réir fhorálacha na gciorclán maidir le saoire bhreoiteachta.

Beidh ar oifigigh a bheidh ag íoc ráta Rang A de ÁSPC sainordú a shíniú ina dtabharfar údarás don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair a bheidh dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a

íoc go díreach leis an eagraíocht fostaíochta. Beidh íocaíocht i rith breoiteachta faoi réir an oifigeach na héilimh riachtanacha a dhéanamh ar shochar árachais shóisialaigh a dhéanamh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha.

### Aoisliúntas agus Scor

Déanfar na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais iomchuí a thairiscint don té a cheapfar atá i réim sa tSeirbhís Phoiblí nuair a thairgtear an ceapachán dó/di. Go ginearálta, déanfar ceapachán do cheapaí nár oibrigh riamh sa tSeirbhís Phoiblí bunaithe ar bhallraíocht i Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ("An Scéim Aonair"). Tá sonraí iomlána na scéime ar fáil ag: www.singlepensionscheme.gov.ie

Más rud é gur oibrigh an ceapaí i bpost inphinsin (nach mbaineann téarmaí na Scéime Aonair leis) sa tseirbhís phoiblí sna 26 seachtaine roimh an gceapachán nó nuair atá an ceapaí ar shos gairme nó ar shaoire speisialta faoi láthair le pá nó gan phá d'fhéadfadh téarmaí éagsúla a bheith infheidhme. Socrófar teidlíocht a leithéid de cheapaithe maidir le pinsean i gcomhthéacs stair a bhfostaíochta sa tseirbhís phoiblí

Seo a leanas na príomhfhorálacha a bhaineann le ballraíocht sa Scéim Aonair:

- baintear úsáid as meántuilleamh gairmréime chun sochair a ríomh (fabhraítear pinsean agus méid cnapshuime gach bliain agus déantar a rátaí a ardú gach bliain trí thagairt don CPI [praghasinnéacs tomhaltóirí];
- aois inphinsin: is í an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha 66 (ag ardú go 67 agus go 68 ar aon dul le hathruithe ar aois an Phinsin Stáit);
- aois scoir: ní mór do bhaill na scéime dul ar scor nuair a bhaineann siad 70 bliain d'aois amach;
- bíonn méaduithe ar phinsin iarscoir nasctha leis an CPI.

### Laghdú Pinsin

- Más rud é go raibh an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus má tá pinsean á fháil acu ón tStátseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó má thagann pinsean ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí in íocaíocht le linn a n-athfhostaíochta beidh an pinsean sin **faoi réir ag laghdú** i gcomhréir le hAlt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. **Nótáil, le do thoil: Agus iarratas á dhéanamh agat ar an bpost seo tá tú ag admháil go dtuigeann tú go mbeidh feidhm leis na forálacha laghdaithe, más ábhartha. Ní shamhlaítear go dtacóidh an Roinn/Oifig fostaíochta le hiarratas ar dhíolúine ó laghdú i dtaca le ceapacháin don phost seo.**

- Ach más rud é go raibh an ceapaí fostaithe roimhe sin sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus má dámhadh pinsean dóibh di faoi shocruithe luathscoir dheonaigh (seachas an Scéim Dhreasaithe um Luathscor (ISER), Imlitir 7/2010 VER/VRS ón Roinn Sláinte, nó Imlitir LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail, agus Rialtais Áitiúil, a ndéantar duine neamhcháilithe don chomórtas faoi cheann ar bith acu) cuirfear deireadh leis an teidlíocht i leith an phinsin sin lé héifeacht ó dháta an athcheaptha.

Féadfar socruithe speisialta a dhéanamh áfach chun seirbhís a rinne an ceapaí roimhe seo a ríomh do chúiseanna aoislíuntais ar bith amach anseo a d'fhéadfadh an ceapaí bheith i dteideal a fháil.

### An Roinn Oideachais agus Scileanna – Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí Imlitir 102/2007

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim um Luathscor do Mhúinteoirí isteach. Is coinníoll de chuid na Scéime Luathscoir í, taobh amuigh de na cásanna atá leagtha amach i mír 10.2 agus mír 10.3 de dhoiciméid na n-imlitreacha ábhartha, agus leis na heisceachtaí sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shnáitheanna 1, 2 nó 3 den scéim sin agus má ghlacann sé/sí le fostaíocht ina dhiaidh sin i gcáil ar bith i réimse ar bith den earnáil phoiblí, cuirfear deireadh láithreach le híoc pinsin don duine sin faoin scéim. Cuirfear tús le híocaíochtaí pinsin arís, áfach, nuair a chríochnaíonn a leithéid d'fhostaíocht nó ar 60ú breithlá an duine, cibé acu is déanaí, ach nuair a chuirfear tús leis an bpinsean arís, beidh sé bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear na blianta breise arna ndeonú roimhe sin san áireamh maidir le ríomh na híocaíochta pinsin)

### Scor de dheasca Easláinte (IHR)

Tabhair do d'aire gurb amhlaidh, i gcás duine ar bith a scoir roimhe seo de dheasca easláinte faoi théarmaí scéime aoisliúntais, go bhfuil ceanglas orthu a dhearbhú don eagraíocht a bhfuil an comórtas earcaíochta á reáchtáil acu, sa chéim iarratais thosaigh, go bhfuil pinsean den sórt sin á fháil acu.

Beidh ar iarrthóirí freastal ar oifig an Phríomhoifigigh Leighis go ndéanfar measúnú ar a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a thabhairt, agus aird á tabhairt ar an gcoinníoll a d'fhág go raibh siad incháilithe ar IHR.

Ceapachán i ndiaidh scor ón Státseirbhís de dheasca easláinte:

Sa chás go n-éiríonn leo ina n-iarratas sa chomórtas, ba cheart din iarrthóir a bheith ar an eolas faoin méid seo a leanas:

1. Sa chás go measfar iad a bheith folláin chun seirbhís rialta agus éifeachtach a thabhairt agus go sanntar do phost iad, beidh deireadh lena bpinsean de dheasca easláinte ón Státseirbhís.
2. Sa chás go dteipfidh ar an iarrthóir promhadh a thabhairt chun críche nó sa chás go gcinnfidh siad éirí as an bpost a sannadh dóibh, <u>ní féidir filleadh ar stádas IHR Státseirbhíse nó athbhunú phinsean IHR na Státseirbhíse,</u> arbh ann dó sula ndearnadh an t-iarratas, ná ní bheidh teideal ina leith.
3. Déanfar ball den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) den iarrthóir ar a c(h)eapadh sa chás go raibh briseadh níos mó ná 26 seachtain ina s(h)eirbhís inphinsin sa státseirbhís/sa tseirbhís phoiblí.

Ceapachán i ndiaidh scor ón tSeirbhís Phoiblí de dheasca easláinte

1. Sa chás gur scoir duine ó chomhlacht sa tSeirbhís Phoiblí féadfaidh go mbeidh a p(h)insean easláinte ón bhfostaíocht sin faoi réir athbhreithnithe ag teacht leis na rialacha maidir le scor de dheasca easláinte faoin scéim sin.
2. Sa chás go n-éiríonn le hiarrthóir, beidh ar an iarrthóir, ar a c(h)eapadh, a dhearbhú cibé an bhfuil pinsean (easláinte nó eile) á fháil acu ón tSeirbhís Phoiblí agus féadfaidh go mbeidh a bpinsean ón tSeirbhís Phoiblí faoi réir fabhraithe.
3. Déanfar ball den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) den iarrthóir ar a c(h)eapadh sa chás go raibh briseadh níos mó ná 26 seachtain ina s(h)eirbhís inphinsin sa Státseirbhís/sa tSeirbhís Phoiblí.

Tabhair faoi deara go bhfuil eolas níos mionsonraí maidir le himpleachtaí pinsin dóibh siúd a bhfuil pinsin easláinte Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí á fháil acu ar fáil ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ach é a iarraidh.

### Fabhrú Pinsin

Beidh teorainn 40 bliain infheidhme ar sheirbhís iomlán ar féidir í a chur san áireamh chun pinsean a ríomh nuair a bhí duine ina b(h)all i níos mó na Scéim Phinsin Seirbhíse Poiblí amháin a bhí ann cheana. Tháinig an teorainn 40 bliain seo, a bhfuil foráil di san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 i bhfeidhm an 28 Iúil 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith ag baint leis sin do cheapaí ar bith a fuair cearta pinsin i bhfostaíocht roimhe sin sa tSeirbhís Phoiblí.

### Ranníocaíochtaí Breise Aoisliúntais

Tá an ceapachán seo faoi réir ag Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Bhreise (ASC) i gcomhréir leis an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí 2017. **Nóta:** Bíonn asbhaintí ASC de bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (ranníocaíochtaí príomhscéime agus céilí agus leanaí) atá de dhíth faoi rialacha do scéime pinsin.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi Scéim Phinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí féach an suíomh gréasáin seo a leanas: website: **www.singlepensionscheme.gov.ie**

### Rúndacht agus Caighdeáin Iompraíochta

### Rúndacht Oifigiúil agus Ionracas

Le linn tréimhse an chonartha promhaidh, beidh an t-oifigeach faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, mar a leasaíodh ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 2014. Aontóidh an t-oifigeach gan aon eolas faoi rún a nochtadh le tríú páirtithe neamhúdaraithe le linn na tréimhse fostaíochta nó ina dhiaidh.

### Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse

Beidh an té a cheapfar faoi réir ag Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse.

### Achtanna um Eitic in Oifig Phoiblí

Beidh feidhm leis na hAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí, de réir mar is cuí, ar an gceapachán seo.

### Faomhadh roimh ré ar fhoilseacháin

Aontóidh oifigeach gan ábhar a fhoilsiú a bhaineann lena d(h)ualgais oifigiúla gan chead roimh ré ó Chathaoirleach an Údarás nó oifigeach údaraithe cuí eile.

### Gníomhaíocht Pholaitiúil

Le linn na tréimhse fostaíochta beidh an t-oifigeach faoi réir ag na rialacha a rialaíonn seirbhísigh phoiblí agus polaitíocht.

### Le nótáil, le do thoil:

Mar Fhostóir Rogha tá neart beartas oibre ag an Státseirbhís atá solúbtha agus in oiriúint do theaghlaigh, lena n-áirítear roinnt deiseanna d'oibriú ó chian. Tabhair faoi deara, féadfaidh iarrthóirí rathúla deiseanna oibre solúbtha a lorg ach is faoi lánrogha an fhostóra iad sin agus cinnfear iad i gcomhréir le riachtanais ghnó na heagraíochta, agus ar bhonn an cháis aonair.

### An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

Nuair a fhaightear d'fhoirm iarratais, ceapaimid taifead i d'ainm agus cuirtear cuid mhór den fhaisnéis phearsanta a sholáthraíonn tú isteach sa taifead sin. Úsáidtear an taifead pearsanta sin chun d'iarrthóireacht a phróiseáil agus chuige sin amháin. Tá faisnéis dá leithéod faoi réir ag na cearta agus na dualgais a leagtar amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018.

Má tá aon fhiosrú agat i dtaca leis an bpróiseáil ar do shonraí, nó más mian leat iarratas a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018, cuir d'iarratas isteach i scríbhinn chuig dataprotection@opr.ie.

### Eolas ginearálta

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndícháileofar iad as canbhasáil. Ní bheidh OPR freagrach as speansais ar bith, speansais taistil ar bith, a thabhóidh iarrthóirí i dtaca lena n-iarratas ar an bpost seo.

Más rud é go ndiúltaíonn an duine a mholtar le ceapadh an post nó, agus é glactha acu, scoaoileadh leis nó má thagann aon fholúntas breise chun cinn féadfaidh OPR, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh le ceapadh at thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

Tá OPR tiomanta do pholasaí comhdheiseanna.

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, caithfear le hiarratais faoi rún docht.

### Fógra Tábhachtach

**Léiriú is ea a bhfuil thuas ar na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé ceaptha le bheith ina liosta cuimsitheach ar na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta a leagfar amach sa chonradh le haontú leis an iarrthóir rathúil.**

## Próiseas Iomaíochta

### Conas iarratas a dhéanamh

Ba chóir iarratais a chur isteach le r-phost chuig recruiting@opr.ie faoin **17 Eanáir 2022 ag 5pm**.

Ba chóir d'iarrthóirí foirm iarratais chomhlánaithe agus litir chumhdaigh a chur isteach, mar cháipéisí ar leith, i bhformáid pdf, in aon r-phost amháin.

Tabhair faoi deara, má fhágtar aon cheann nó aon pháirt de an cáipéisí riachtanacha mar a leagtar amach thuas ar lár, go mbeidh an t-iarratas neamhiomlán. Ní dhéanfar iarratais neamhiomlána a mheas den chéad chéim eile den phróiseas iarratais.

Seolfar r-phoist admhála i dtaca le gach iarratas atá faighte (admhófar san r-phoist sin go bhfuil an t-iarratas faighte ach ní dhearbhófar incháilitheacht nó a mhalairt). Más rud é nach bhfaigheann iarrthóir r-phost admhála laistigh de 3 lá oibre ón dáta curtha isteach, ba chóir don iarrthóir dul i dteagmháil le OPR lena dheimhniú go bhfuarthas a n-iarratas.

### Dáta Deiridh

Dáta deiridh d'iarratais: **17 Eanáir 2022 ag 5pm.**

Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an dáta deiridh.

### Próiseas Roghnúcháin

Féadfar na nithe seo a leanas a bheith sa phróiseas roghnúcháin:

- gearrliostú d'iarrthóirí (ar bhonn an eolais a thugtar ina n-iarratas);
- agallamh iomaíoch;
- féadfar an dara hagallamh iomaíoch a bheith ann;
- féadfar tástáil measúnaithe a dhéanamh;

Tabhair faoi deara, le do thoil, go mbeidh aon tairiscint fostaíochta a dhéanfar le hiarrthóir rathúl faoi réir na nithe seo a leanas a bheith sásúil:

- fíorú teistiméireachtaí;
- dearbhú leighis réamhfhostaíochta.

### Gearrliostú

Déanfaidh OPR próiseas gearrliostaithe chun grúpa d'iarrthóirí a roghnú atá, bunaithe ar scrúdú ar na hiarratais a cuireadh isteach, ar na daoine is mó atá oiriúnach agus incháilithe ar an bpost.

Scrúdóidh painéal saineolaithe na foirmeacha iarratais i gcoinne critéar gearrliostaithe comhaontaithe bunaithe ar riachtanais an phoist. Féadfaidh na critéir gearrliostaithe critéir riachtanacha agus freisin critéir inmhianaithe sonraithe don phoist a áireamh. Mar sin is chun

leas an iarrthóra é cuntas mionsonrach agus cruinn a thabhairt ar a gcáilíochtaí/taithí ina n-iarratas.

## Agallaimh

Is dócha go mbeidh agallaimh don phoist seo ann i FEABHRA 2022. Beidh formáid leath-struchtúrtha ar na hagallaimh, agus iarrfar ar iarrthóirí samplai a sholáthar d'**inniúlachtaí don ról mar a luaitear in Aguisín 1.** Déanfaimid iarracht a mhéid fógra is féidir a thabhairt de dhátaí agallaimh.


Maidir le harrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallaimh, mar atá sceidealaithe, nó nach gcuireann cibé fianaise ar fáil agus atá de dhíth maidir le haon ábhar a bhaineann lena n-iarratas, ní bheidh aon cheart measúnaithe acu a thuilleadh sa phróiseas seo.

**Féadfar painéal d'iarrthóirí rathúla a bhunú chun poist eile ag grád an Oifigeach Cléireachais a líonadh in Oifig an Rialaitheora Pleanála.**

## Teistiméireachtaí

Ba chóir d'iarrthóirí tosú ar smaoineamh ar ainmneacha daoine a bheidh ina moltóirí oiriúnacha a bhféadfaimis dul i gcomhairle leo. Ní gá go mbeadh d'fhostóir reatha san áireamh sna moltóirí ach ba chóir go mbeidís ábalta teistiméireacht a sholáthar duit. Bí ar do shuaimhneas nach rachaimid i dteagmháil le moltóirí ach amháin má bhíonn tú á mheas i ndiaidh chéim an agallaimh. Tabhair faoi deara, má bhíonn rath ort sa chomórtas seo, go mbeidh teistiméireacht ó d'fhostóir reatha de dhíth orainn.

## Aguisín 1: Inniúlachtaí



## Inniúlachtaí do Leibhéal an Oifigeach Cléireachais

| | |
|---|---|
| **Obair Foirne** | Léiríonn meas do chomhghleacaithe agus do chomhoibrithe |
| | Forbraíonn agus cothaíonn dea-chaidreamh oibre le daoine eile, roinneann eolas agus fios, de réir mar is cuí |
| | Cuireann a thuairimí agus a bharúlacha féin i láthair |
| | Tuigeann a (h)áit féin sa bhuíon agus déanann gach iarracht é sin a chomhlíonadh |
| **Eolas a Bhainistiú / Phróiseáil** | Tugann faoi gach obair ar bhealach críochnúil agus eagraithe |
| | Leanann nósanna imeachta agus prótacail agus tuigeann an fiúntas agus an bunús atá leo |
| | Coinníonn taifid ar ardchaighdeán ar féidir le daoine eile ciall a bhaint astu go réidh |
| | Baineann conclúidí cuí as eolas |
| | Molann bealaí nua le rudaí a dhéanamh ar bhealaí níos fearr agus níos éifeachtúla |
| | Ní miste leis/léi oibriú le cineálacha éagsúla eolais, m.sh., scríofa, uimhriúil, cairteacha, agus déanann áirimh, m.sh., uimhríocht, céatadáin srl |
| **Torthaí a Sholáthar** | Glacann freagracht as obair agus cuireann dlús leis go dtí an chéad leibhéal eile cuí |
| | Críochnaíonn obair go tráthúil |
| | Téann i dtaithí go gasta ar bhealaí nua chun rudaí a dhéanamh |
| | Seiceálann gach saothar oibre lena chinntiú go gcríochnaítear é ar ardchaighdeán agus saor ó bhotú |
| | Úsáideann graiméar agus litriú ceart ag scríobh agus baineann conclúidí réasúnta as treoracha scríof |
| | Aithníonn agus tuigeann an phráinn agus an tábhacht a bhaineann le tascanna éagsúla |
| | Léiríonn tionscnaíocht agus solúbthacht lena chinntiú go gcríochnaítear an obair |
| | Gníomhaíonn as a stuaim féin agus tá in ann breithiúnas a thabhairt ar cathain is gá treoir a iarraidh ó chomhghleacaithe nó ó bhainisteoir |
| **Scileanna i Seirbhís do Chustaiméirí agus i gCumarsáid** | Bíonn ag éisteacht go gníomhach le daoine eile agus déanann iarracht a mbarúlacha / riachtanais / a bhfuil uathu thuiscint |
| | Tuigeann na céimeanna nó próisis a gcaithfidh custaiméirí gabháil tríothu agus tá in ann iad seo a mhíniú go soilé |
| | Léiríonn meas, cúirtéis agus gairmiúlacht agus coinníonn smacht air/uirthi féin fiú ag déileáil le cúinsí dúshlánach |
| | In ann a bheith diongbháilte nuair is gá agus in ann cumarsáid mhuiníneach agus údarásach a dhéan |
| | Déanann cumarsáid go soiléir agus go líofa, ó bhéal agus i scríbhinn |
| **Saineolas, Oilteacht agus Féin-fhorbairt** | Forbraíonn agus cothaíonn na scileanna agus an oilteacht is gá chun an ról a chomhlíonadh go héifeachtach, m.sh., córais TE, scarbhileoga, Microsoft Office, beartais chuí srl. |
| | Tuigeann go soiléir ról, cuspóirí agus aidhmeanna agus conas a shuíonn siad isteach le hobair an ao |
| | Tá sé/sí tiomanta d'fhorbairt phearsanta agus bíonn sé/sí ag iarraidh go leanúnach feidhmíocht phearsanta a fhea |
| **Fuinneamh agus Tiomantas do Chaighdeáin Seirbhíse Poiblí** | Bíonn ag iarraidh go leanúnach feidhmiú ar chaighdeán ard agus seirbhís den scoth a sholáthar |
| | Freastal ar Rialtas agus ar mhuintir na hÉireann |
| | Bíonn críochnúil agus coinsiasach, fiú le hobair ghnáthaimh |
| | Léiríonn díograis agus teacht aniar, agus bíonn buanseasmhach fiú ag plé le dúshláin agus constaicí |
| | Tá sé/sí ionraic agus is féidir brath air/uirthi |
| | Feidhmíonn go hionraic i gcónaí |

## Aguisín 2: Incháilitheacht ar dul san iomaíocht agus srianta áirithe ar incháilitheacht

### Riachtanais Saoránachta

Ní mór d'Iarrthóirí incháilithe bheith ar shuine díobh seo a leanas:

(a) Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. San LEE, cuimsítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh, mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin, agus an Iorua; nó
(b) Saoránach den Ríocht Aontaithe; nó
(c) Saoránach den Eilbhéis de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
(d) Saoránach neamh-LEE atá ina chéile nó ina leanbh de shaoránach LEE nó Eilvéiseach agus a bhfuil víosa stampa 4 acu; nó
(e) Duine ar dámhadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 acu; nó
(f) Saoránach neamh-LEE atá ina dtuismitheoir ar leanbh cleithiúnach atá ina saoránach de bhallstát LEE nó san Eilvéis agus ina gcónaí ann agus a bhfuil víosa stampa 4 acu.

Le cáiliú ní mór d'iarrthóirí ceann amháin de na critéir saoránachta thuas a shásamh faoin dáta ar a ndéanfar aon tairiscint poist,

### Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí

Le litir, dar dáta an 28 Meitheamh 2012, ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Pearsanra, le feidhm ón 1 Meitheamh 2012, tugadh isteach Comhaontú Comhchoiteann, ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) i ndáil le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí a thabhairt isteach.

Is coinníoll de chuid an Chomhaontaithe Chomhchoitinn é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe lena n-athfhostú sa tseirbhís phoiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar a mhínítear é sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011) go ceann tréimhse 2 bhliain tar éis an fhostaíocht a fhoirceannadh.

Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim sin agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamhcháilitheachta).

### Scéim Dhreasachta um Luathscor (ISER)

Tá sé mar choinníoll ar an Scéim Dhreasachta um Luathscor (*ISER*) mar a leagtar amach i gCiorclán na Roinne Airgeadais 12/09 go bhfuil cosc ar phinsinéirí, faoin Scéim sin, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Mar sin, ní féidir le pinsinéirí dá leithéid iarratas a dhéanamh ar an bpost seo a fhad a fhanfaidh na srianta thuasluaite i bhfeidhm .

### Ciorclán ón Roinn Sláinte agus Leanaí (7/2010)

Le Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010, tugadh isteach Scéim Luathscoir Shaorálaigh Spriocdhírithe (LSS) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Saorálaí (SIS). Is coinníoll de chuid na scéime LSS é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe lena n-athfhostú san earnáil sláinte poiblí ná sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne ná i gcomhlacht a mhaoinítear go hiomlán nó go formhór as airgead poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna ar athfhostú faoi SIS, ach amháin gur toirmeasc go ceann tréimhse 7 mbliana an toirmeasc sin. Níl daoine a bhain leas as ceachtar de na scéimeanna sin incháilithe chun páirt a ghlacadh sa chomórtas seo. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim SIS agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamhcháilitheachta).

### An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (Ciorclán LG(P) 06/2013)

Le Ciorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil tugadh isteach Scéim um Luathscor Deonach d'Údaráis Áitiúla. I gcomhréir le téarmaí an *Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí* dar dáta an 28 Meitheamh 2012 mar atá sonraithe thuas, is coinníoll sainiúil é den Scéim VER sin nach mbeidh daoine incháilithe le haghaidh athfhostaithe in aon chomhlacht na Seirbhíse Poiblí [de réir mar atá sainithe ag na hAchtanna um Beartais Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011 agus ag an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012] le haghaidh thréimhse 2 bhliain ó dháta a n-imeachta faoin Scéim sin. Tá na coinníollacha sin infheidhme freisin i gcás rannpháirtíochta/fostaíochta ar bhonn conradh le haghaidh seirbhísí (mar chonraitheoir nó mar fhostaí conraitheora).

### Dearbhú

Beidh ar iarrthóirí dearbhú a dhéanamh cé acu ar bhain nó nár bhain siad leas as scéim na Seirbhíse Poiblí um luathscor dreasaithe agus/nó an comhaontú comhchoiteann a luaitear thuas. Beidh ar iarrthóirí freisin aon teidlíochtaí a admháil maidir le sochar pinsin na Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá reoite) ó fhostaíocht ar bith eile sa tSeirbhís Phoiblí agus/nó más rud é go bhfuair siad íocaíocht in ionad maidir le seirbhís i bhfostaíocht ar bith de chuid na Seirbhíse Poiblí.